C/2025/5121

18.9.2025

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 19 Meitheamh 2025

lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe don Ísiltír thar ceann na hÍsiltíre

(C/2025/5121)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 492/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le saorghluaiseacht oibrithe laistigh den Aontas [1], agus go háirithe Airteagail 23 agus 24 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 23 Meán Fómhair 2024 [2] [3], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe don tréimhse ón 25 Meán Fómhair 2024 go dtí an 24 Meán Fómhair 2026.

(2) Tá suíochán mar chomhalta i gcatagóir ionadaithe na gceardchumann tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Klara BOONSTRA a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag Rialtas na hÍsiltíre don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Jules WOUTERS ina chomhalta den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe in ionad Klara BOONSTRA ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 24 Meán Fómhair 2026.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 19 Meitheamh 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. DZIEMIANOWICZ-BĄK

---

[1] IO L 141, 27.5.2011, lch. 1.

[2] Cinneadh ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe (IO C, 2024/5865, 27.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5865/oj).

[3] Ceartúchán ar an gCinneadh ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shaorghluaiseacht Oibrithe (IO C, C/2024/5865, 27.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5865/corrigendum/2025-05-05/oj).